



Bileog Eolais maidir leis an Athbhreithniúchán Uastáillí Náisiúnta Tacsaithe 2019

Cuspóirí

Ba iad cuspóirí an Athbhreithniúcháin Uastáillí Náisiúnta Tacsaithe:

- Meánleibhéal gníomhaíochta tacsaithe i mbliain amháin a mheas bunaithe ar shuirbhé agus ar shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) maidir le líon na gciliméadar a rinneadh;
- Gach gné den Innéacs Costas Tacsaithe (TCI) a nuashonrú, lena n-áirítear costais sheasta bhliantúla agus reatha gnáth-thacsaí, bunaithe ar leibhéal gníomhaíochta a chinntítear in éineacht le costais saothair (bunaithe ar shonraí CSO) sna coinníollacha margaidh atá ann; agus
- Feiliúnacht an struchtúir táillí reatha a mheas

Innéacs Costas Tacsaí

Uirlis chainníochtúil atá san Innéacs Costas Tacsaí (TCI) a úsáideann an NTA chun measúnú a dhéanamh ar an athrú atá tagtha ar na costais a bhaineann le feithicle tacsáí a rith. Is é is bunchuspóir leis an TCI cur chuige caighdeánach a chur ar fáil d'fhonn an gá atá le táillí a choigeartú a mheas. I ndiaidh gach tréimhse dhá bhliain, úsáidtear an t-innéacs chun an t-athrú céatadán i gcostais oibriúcháin a chinneadh, go príomha trí úsáid a bhaint as innéacsanna praghsanna foilsithe. Ní fhéachtar leis an TCI na costais iomlána a bhaineann le tiománaí aonair ar bith a léiriú ach meastachán a fháil ar na costais atá le híoc ag an ngnáth-tiománaí, bunaithe ar na treoirphrionsabail seo a leanas:

- Ní mór don TCI a bheith ionadaíoch agus léiritheach ar athruithe sna costais atá le híoc ag cuid mhór den tionscail;
- Ba chóir go mbeadh sé ina léiriú ar luach cothrom don saothar arna chur ar fáil ag an tiománaí tacsáí;
- Ba chóir é a bheith bunaithe ar thiománaí a leanann gnáthchleachtas an tionscail; agus
- Is iad na costais a chuimsítear sa TCI na costais reatha agus seasta ar fad, mar aon le comhpháirt a bhaineann le costas saothair, agus comhcheanglaítear na costais d'fhonn costas tascach foriomlán oibriúcháin a bhaint amach i leith tacsáí a oibriú in aghaidh na bliana.

Baineann trí chomhpháirt leis na costais a áirítear sa TCI - Costais Reatha, Costais Sheasta agus Costais Saothair. Leagtar amach sna táblaí thíos chomhdhéanamh na gcomhphárteanna sin ar fad. Is féidir sonraí breise a fháil sa Tuarascáil maidir leis an Athbhreithniúchán Uastáillí Náisiúnta Tacsaithe 2019.

Costais Reatha

	Leibhéal Gníomhaíochta	
	Meastachán CSO	Meastachán Tiománaithe
Comhpháirt Innéacs	29,951km	42,000km
Breosla	€1,869	€2,621
Seirbhísiú	€454	€637
Glantachán	€966	€966
Boinn	€376	€527
Páirteanna Spártha	€270	€378
Costais Reatha Ilghnéitheacha	€489	€533
Costais Reatha Iomlána	€4,424	€5,662

Moltar go dtabharfaí isteach go mbeadh sé éigeantach glacadh le híocaíochtaí cártaí in éineacht leis an gcoigeartú táillí seo, agus tá liúntas curtha san áireamh sa choigeartú atá molta, faoin gceannteideal Costais Reatha Ilghnéitheacha, chun costais bhreise a thiofadh chun cinn a ghlacadh san áireamh.

Costais Sheasta

Comhpháirt Innéacs	Costas 2019
Carr a Cheannach agus Airgeadas	€3,655
Árachas	€2,190
Cleamhnacht – oibrítheoir seolta traidisiúnta / seirbhís aipe	€4,800
Trealamh a Athsholáthar – riachtanais rialála	€300
Ceadúnas i ndáil le Feithicil Tacsáí a Athnuachan	€150
Mótarcháin	€95
Táillí Aerfoirt	€37
An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (TNG)	€62
Fíorú Méadair	€43
Méadair a Chalabhrú agus a Ríomhchlárú	€45
Ceadúnas Tiomána SPSV	€50
Ceadúnas Náisiúnta Tiomána	€6
Costais Sheasta Iomlána	€11,433

Costais Saothair (*Glactha ó Innéacs CSO maidir le “Production, transport, craft and other manual workers”*)

Comhpháirt Innéacs	Costais 2018
Costais Saothair	€25,878

Athruithe TCI coigeartaithe, 2016 - 2018

	Leibhéal Gníomhaíochta CSO	Measúnacht ar Leibhéal Gníomhaíochta Tiománaithe	Leibhéal Gníomhaíochta CSO	Measúnacht ar Leibhéal Gníomhaíochta Tiománaithe
Bliain	2016	2016	2018	2018
Comhpháirt Innéacs	32,624	49,000	29,951km	42,000km
Costais Reatha	4,309	5,825	€4,424	€5,662
Costais Sheasta	22,478	11,478	€11,433	€11,433
Costais Saothair	23,495	23,495	€25,878	€25,878
Costais Iomlána	39,732	41,248	€41,735	€42,973
athrú % 2017 – 2019			+5.04%	+4.18%

Achoimre

Moltar go ndéanfaí ardú 4.5% ar an meán ar an Uastáille Náisiúnta Tacsaithe chun léiriú a thabhairt ar chostais oibriúcháin atá ag dul i méid agus atá le híos ag oibríteoirí tacsáí.

An tArdú a Chur i bhFeidhm

Tugtar léiriú sna táblaí thíos ar mar a chuirfí ardú 4.5% i bhfeidhm sa struchtúr reatha táillí.

Struchtúr Reatha Uastáillí

	Táillí Caighdeánacha (08.00h-20.00h)	Táillí Breise (20.00h-8.00h, Ar an Domhnach agus ar Laethanta Saoire Bainc)
Táille Thosaigh	€3.80	€4.20
Taraif A (Suas le 15 km)	€1.14 an km €0.40 an nóiméad	€1.45 an km €0.51 an nóiméad
Taraif B (Os cionn 15 km)	€1.50 an km €0.53 an nóiméad	€1.80 an km €0.64 an nóiméad

Struchtúr Féideartha Uastáillí

	Táillí Caighdeánacha (08.00h-20.00h)	Táillí Breise (20.00h-8.00h, Ar an Domhnach agus ar Laethanta Saoire Bainc)
Táille Thosaigh	€4.00	€4.40
Taraif A (Suas le 15 km)	€1.21 an km €0.43 an nóiméad	€1.52 an km €0.54 an nóiméad
Taraif B (Os cionn 15 km)	€1.59 an km €0.56 an nóiméad	€1.90 an km €0.67 an nóiméad



Trí úsáid a bhaint as an “Struchtúr Féideartha Uastáillí”, agus é sin a bheith bunaithe ar (i) ualú idir Am Caighdeánach agus Am Breise agus (ii) táillí a ghearradh de réir achair mar aon leis an meánluach a bhaineann le breiseanna maidir le paisinéirí eile nó glaoch amach a chur san áireamh, bheadh ardú idir 4% agus 5% ar an meán i gceist ar tháille ar thurais ar fud achair éagsúla mar thoradh ar an struchtúr athbhreithnithe thuas.

Méadair Tacsaithe a Chalabrá agus a Fhíorú

Baintear úsáid as tuairim is 35 méadar tacsáí éagsúla sna 17,000 tacsáí nach mór a bhfuil ceadúnas acu le dul i mbun oibre in Éirinn. Oibríonn méadair tacsáí de réir féilire ar feadh suas le cúig bliana, agus déantar na taraif ábhartha ar fad maidir le gach am agus dáta, mar aon le sonraí maidir leis na dátaí ar a dtitfidh saoirí bainc amach anseo, a ríomhchlárú i ngach méadar.

Nuair a dhéantar athrú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsaithe, ní mór do shuiteálaí bogearraí i ndáil le méadar tacsáí príobháideach gach méadar tacsáí a ríomhchlárú (calabrá) d'fhonn an táille nua a ríomh, ina dhiaidh sin ní mór d'Fhíoraitheoir Údaraithe na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlíthiúla NSAI gach feiste a fhíorú mar fheiste atá ag ríomh na n-uastáillí go cruinn.

Cosnaíonn calabrá idir €50 agus €110, ag brath ar an suiteálaí bogearraí príobháideach a mbaintear úsáid as.

Cosnaíonn sé €86.10 an méadar tacsáí ath-ríomhchláraithe a fhíorú agus ní mór d'Fhíoraitheoir Údaraithe na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlíthiúla NSAI sin a chur i gcrích.

Amlínte maidir le hAth-ríomhchlárú agus Fíorú

Bíonn gá le gníomhartha éagsúla nuair a ghlactar le hUastáillí Náisiúnta Tacsaithe nua.

Is é an chéad ghníomh go gcaithfidh soláthraithe na méadar tacsáí éagsúil ríomhchláir bhogearraí nua a ullmhú do gach méadar d'fhonn an struchtúr táillí athbhreithnithe a chuimsiú.

Ní mór gach ríomhchlár bogearraí a chur ar fáil do Sheirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla an NSAI a dhéanann an ríomhchlár a chuirtear ar aghaidh a athbhreithniú agus a cheadú nó é a dhiúltú. Ní féidir leis na suiteálaithe/soláthraithe tús a chur leis na ríomhchláir a shuiteáil sna méadair aonair go dtí go mbeidh an ríomhchlár bogearraí ceadaithe ag an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla. Glacann an próiseas chun na cláir nua a ullmhú agus ceadú a fháil ina leith ón tSeirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla thart ar 2 nó 3 mhí.

Nuair a bheidh an ríomhchlár ceadaithe, is féidir le soláthraí / suiteálaí an mhéadair tacsáí sin tús a chur le athsholáthar / nuashonrú na gclár atá sna méadair tacsáí aonair. Braitheann an t-achar a ghlacann an próiseas sin ar líon na suiteálaithe atá ann agus ar líon na bhfeithicil atá ann a bhfuil an méadar tacsáí áirithe sin iontu. Teastaíonn tréimhse tuairim is trí mhí chun an nuashonrú a chur i gcrích.

Nuair a bheidh gach feithicil ath-ríomhchláraithe, ach é a bheith comhthráthach leis an bpróiseas maidir le méadair tacsáí an fhlíth fhoriomláin a nuashonrú, ní mór d'Fhíoraitheoir Údaraithe na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlíthiúla gach feithicil a thástáil agus a dheimhniú go bhfuil gach feithicil ceart.